



---

*Uimhir 19 de 2014*

---

**ACHT NA gCARA-CHUMANN AGUS NA gCUMANN TIONSCAIL AGUS SOLÁTHAIR  
(FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 2014**

*[An tionú oifigiúil]*

---

**CLÁR AN ÁBHAIR**

**CUID 1**

**RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA**

Alt

1. Gearrtheideal, comhluanna, forléiriú agus tosach feidhme
2. Míniú
3. Caiteachais

**CUID 2**

**CARA-CHUMAINN**

4. Míniú
5. Scor de chumainn nua a chlárú faoi Acht 1896
6. Scor de chistí iasachtaí ar leithligh nua a fhoirmiú
7. Leasú ar alt 77 d'Acht 1896
8. Dualgais chláraitheoir na gcara-chumann a chomhlíonadh

**CUID 3**

**CUMAINN TIONSCAIL AGUS SOLÁTHAIR**

9. Mínithe
10. Leasú ar Acht 1893
11. Alt 4 d'Acht 1913 a aisghairm
12. Leasú ar alt 6 den Acht um Chumainn Tionscail agus Soláthair (Leasú), 1978

[Uimh. 19.] *Acht na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014.* [2014.]

CUID 4

FEIDHM ACHT 1990 MAIDIR LE CUMAINN TIONSCAIL AGUS SOLÁTHAIR

13. Míniú
14. Feidhm Acht 1990 maidir le cumainn tionscail agus soláthair
15. Forléiriú tagairtí in Acht 1990
16. Feidhm alt 2 d'Acht 1990
17. Feidhm alt 3 d'Acht 1990
18. Feidhm alt 3C d'Acht 1990
19. Feidhm alt 5 d'Acht 1990
20. Feidhm ailt 7, 18 agus 24 d'Acht 1990
21. Feidhm alt 8 d'Acht 1990
22. Feidhm alt 11 d'Acht 1990
23. Feidhm alt 12 d'Acht 1990
24. Feidhm ailt 28 agus 30 d'Acht 1990
25. Cionta

[2014.] *Acht na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014.* [Uimh. 19.]

NA hÁCHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht Cumann Foirgníochta, 1989 (Uimh. 17)  
Acht an Bhainc Ceannais, 1971 (Uimh. 24)  
Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 (Uimh. 25)  
Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990 (Uimh. 27)  
Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013 (Uimh. 47)  
Acht na gCuideachtaí, 1990 (Uimh. 33)  
Acht na gCara-Chumann (Leasú), 1977 (Uimh. 17)  
*Friendly Societies Act*, 1896 (59 & 60 Vict., c. 25)  
Achtanna na gCara-Chumann, 1896 go 1977  
*Industrial and Provident Societies (Amendment) Act*, 1895 (58 & 59 Vict., c.30)  
*Industrial and Provident Societies (Amendment) Act*, 1913 (3 & 4 Geo. 5, c.31)  
An tAcht um Chumainn Tionscail agus Soláthair (Leasú), 1978 (Uimh. 23)  
*Industrial and Provident Societies Act*, 1893 (56 & 57 Vict., c.39)  
Na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair, 1893 go 1978  
An tAcht Árachais, 1989 (Uimh. 3)  
An tAcht Léiriúcháin, 2005 (Uimh. 23)  
An tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2005 (Uimh. 12)  
An tAcht um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta, 1994 (Uimh. 24)  
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 (Uimh. 37)  
An tAcht um Iontaobhais Aonad, 1990 (Uimh. 37)





---

*Uimhir 19 de 2014*

---

**ACHT NA gCARA-CHUMANN AGUS NA gCUMANN TIONSCAIL AGUS  
SOLÁTHAIR (FORÁLACHA ILGHNÉITHEACHA), 2014**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

Acht do leasú an dlí a bhaineann le Cara-Chumann; do leasú an dlí a bhaineann le Cumann Tionscail agus Soláthair; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[21 Iúil, 2014]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

**CUID 1**

**RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA**

**Gearrtheideal, comhluanna, forléiriú agus tosach feidhme**

1. (1) Féadfar Acht na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014 a ghairm den Acht seo.
- (2) Féadfar Achtanna na gCara-Chumann, 1893 go 2014 a ghairm d'Achtanna na gCara-Chumann, 1896 go 1977 agus de *Chuid 2*, le chéile, agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.
- (3) Féadfar na hAchtanna um Chumann Tionscail agus Soláthair, 1893 go 2014 a ghairm de na hAchtanna um Chumann Tionscail agus Soláthair, 1893 go 1978 agus de *Chodanna 3* agus *4*, le chéile, agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.
- (4) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

**Míniú**

2. San Acht seo, ciallaíonn “Aire” an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Cd.1 [Uimh. 19.] Acht na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014. [2014.]

### **Caiteachais**

3. Déanfar na caiteachais a thabhoíd an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

## **CUID 2**

### **CARA-CHUMAINN**

#### **Míniú**

4. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Acht 1896” an *Friendly Societies Act*, 1896.

#### **Scor de chumann nua a chlárú faoi Acht 1896**

5. Leasaítear Acht 1896 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 8A (a cuireadh isteach le halt 28 den Acht Árachais, 1989):

#### **“Cessation of registration of new societies**

8B. (1) Notwithstanding sections 8 and 8A, and subject to subsection (2), no society shall be registered under this Act after the date (in this section referred to as ‘the operative date’) of the coming into operation of *section 5* of the *Friendly Societies and Industrial and Provident Societies (Miscellaneous Provisions) Act 2014*.

(2) The amendment effected by subsection (1) shall not apply where an application for registration of a society has been received by the registrar before the operative date.”.

#### **Scor de chistí iasachtaí ar leithligh nua a fhoirmiú**

6. Leasaítear Acht 1896 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 46:

#### **“Cessation of formation of new separate loan funds**

46A. (1) Notwithstanding section 46, and subject to subsection (2), a registered society shall not, after the date (in this section referred to as ‘the operative date’) of the coming into operation of *section 6* of the *Friendly Societies and Industrial and Provident Societies (Miscellaneous Provisions) Act 2014*, form a separate loan fund under the said section 46.

(2) The amendment effected by subsection (1) shall not apply where—

(a) a registered friendly society has formed a separate loan fund under the said section 46, and

(b) an application to register the necessary rule change has been received by the registrar,

before the operative date.”.

[2014.] *Acht na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha)*, 2014. [Uimh. 19.] Cd.2

#### **Leasú ar alt 77 d'Acht 1896**

7. Leasaítear alt 77 d'Acht 1896 trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) agus (2):

“(1) The registrar may cancel the registry of a society—

- (a) if he thinks fit, at the request of the society, to be evidenced in such manner as he may direct, or
- (b) on proof to his satisfaction that an acknowledgment of registry has been obtained by fraud or mistake, or that a society exists for an illegal purpose, or has wilfully and after notice from the registrar violated any of the provisions of this Act, or has ceased to exist.

(2) The registrar, in any case in which he might cancel the registry of a society, may suspend the registry for any term not exceeding 3 months, and may renew the suspension for the like period.”.

#### **Dualgais chláráitheoir na gcara-chumann a chomhlíonadh**

8. Leasaítear alt 5 d'Acht na gCara-Chumann (Leasú), 1977 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Féadfaidh cibé duine nó daoine a údaróidh an tAire de thuras na huaire cumhachtaí, feidhmeanna agus dualgais chláráitheoir na gcara-chumann a fheidhmiú agus a chomhlíonadh.”.

### CUID 3

#### CUMAINN TIONSCAIL AGUS SOLÁTHAIR

#### **Mínithe**

9. Sa Chuid seo—

ciallaíonn “Acht 1893” an *Industrial and Provident Societies Act*, 1893;

ciallaíonn “Acht 1913” an *Industrial and Provident Societies (Amendment) Act*, 1913;

ciallaíonn “Acht 2005” an tAcht um Chistí Infheistíochta, Cuideachtaí agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2005.

#### **Leasú ar Acht 1893**

10. Leasaítear Acht 1893—

(a) in alt 4 (a leasaíodh le halt 85(a) d'Acht 2005), tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) No member other than a registered society shall have or claim any interest in the shares of the society exceeding €150,000 or an amount equal to 1 per cent of the total assets of the society, whichever is the

Cd.3 A.10 [Uimh. 19.] Acht na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus [2014.]  
Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014.

greater, except where otherwise specified in the rules of the society,  
and”,

(b) in alt 7, trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1) (a ionadaíodh le halt  
3 den *Industrial and Provident Societies (Amendment) Act*, 1895):

“(1) If the registrar refuses to register a society, or any rules or amendment  
of rules of a society, the society may appeal from such refusal to the  
Circuit Court.

(1A) The jurisdiction conferred on the Circuit Court under subsection (1)  
may—

(a) as respects a refusal to register the society, be exercised by the judge of  
the court for the time being assigned to the Dublin Circuit, and

(b) as respects a refusal to register any rules or amendment of rules, be  
exercised by the judge of the circuit in which the registered office of the  
society is situated.”,

(c) in alt 9—

(i) i bhfo-alt (1)—

(I) trí “in writing:” a chur in ionad “by writing under his hand or seal:”, agus

(II) i mír (c), trí “On proof” a chur in ionad “With the approval of the  
Treasury, on proof”,

agus

(ii) i bhfo-alt (2)—

(I) trí “, with the approval of the Treasury,” a scriosadh sa dá áit a bhfuil  
sé, agus

(II) trí “in writing:” a chur in ionad “by writing under his hand or seal:”,

(d) in alt 10, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) A copy of the rules of a registered society shall be furnished by the society  
to any member who demands it, on payment of such fee as may be  
determined by the society in its rules.”,

(e) in alt 14—

(i) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Every registered society shall once in every year send to the registrar  
an annual return of the receipts, expenditure, funds and effects of the  
society as audited.”,

agus



[2014.] *Acht na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha)*, 2014. [Uimh. 19.] CD.3 A.10

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (c) (a ionadaíodh le halt 3(1) d'Acht 1913) d'fho-alt (2):

“(c) shall be submitted no later than—

(i) 31 October, where the date of its last published balance sheet falls between 1 January and 30 June, and

(ii) 30 April, where the date of its last published balance sheet falls between 1 July and 31 December (of the preceding year);

and”,

(f) in alt 17—

(i) i bhfo-alt (2), trí “and their holdings in the society, whether in shares or loans,” a chur isteach i ndiaidh “the names of the members”, agus

(ii) trí fho-alt (3) a scriosadh,

(g) tríd an alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 17:

#### **“Inspection of books by non-members**

17A. (1) Any person shall be allowed to inspect the books of a registered society containing the names of the members, and their holdings in shares, at all reasonable hours at the registered office of the society, or at any place where the same are kept, subject to such regulations as to the time and manner of such inspection as may be made from time to time by the general meetings of the society, on payment of €10, or such lesser sum as the society may prescribe, for each inspection.

(2) Any person may require a copy of the books mentioned in subsection (1), or of any part thereof, on payment of €10, or such lesser sum as the society may prescribe.

(3) The society shall cause any copy so required by any person to be sent to that person within a period of 10 days commencing on the day next after the day on which the requirement is received by the society.

(4) In the case of any refusal or default, the court may by order compel an immediate inspection of the books or direct that the copies required shall be sent to the persons requiring them.”,

agus

(h) i Sceideal II, tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír 5:

“5. Determination of the amount of interest in the shares of the society which any member may hold.”.

#### **Alt 4 d'Acht 1913 a aisghairm**

**11.** Aisghairtear alt 4 d'Acht 1913.

Cd.3 [Uimh. 19.] Acht na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014. [2014.]

**Leasú ar alt 6 den Acht um Chumainn Tionscail agus Soláthair (Leasú), 1978**

**12.** Leasaítear alt 6 den Acht um Chumainn Tionscail agus Soláthair (Leasú), 1978—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “€30,000” a chur in ionad “£10,000”,
- (b) i bhfo-alt (4), trí “le cumann cláraithe do ghlacadh aon airgid arna airleacan ag comhlacht poiblí,” a chur isteach i ndiaidh “do chumann,” agus
- (c) trí na fo-ailt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) San alt seo, ciallaíonn ‘comhlacht poiblí’—

- (a) Aire den Rialtas nó Roinn Stáit,
  - (b) údarás áitiúil, de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil, 2001,
  - (c) comhlacht arna bhunú le haon achtachán (seachas Achtanna na gCuideachtaí), nó
  - (d) comhlacht arna bhunú faoi Achtanna na gCuideachtaí de bhun cumhachtaí a thugtar le hachtachán eile nó faoi, agus a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, le hairgead arna sholáthar, nó le hiasachtaí arna ndéanamh nó arna ráthú, ag Aire den Rialtas nó le heisiúint scaireanna arna sealbhú ag Aire den Rialtas nó thar ceann Aire den Rialtas.
- (6) I bhfo-alt (5), tá le ‘achtachán’ an bhrí a thugtar dó le halt 2 den Acht Léiriúcháin, 2005.”.

**CUID 4**

**FEIDHM ACHT 1990 MAIDIR LE CUMAINN TIONSCAIL AGUS SOLÁTHAIR**

**Míniú**

**13.** Sa Chuid seo, ciallaíonn “Acht 1990” Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990.

**Feidhm Acht 1990 maidir le cumainn tionscail agus soláthair**

**14.** (1) Chun críocha na Coda seo, beidh feidhm ag Acht 1990, agus ag aon fhoráil eile in Achtanna na gCuideachtaí dá dtagraítear san Acht sin, maidir le cumann tionscail agus soláthair cláraithe mar atá feidhm aige nó aici maidir le cuideachta, faoi réir an mhéid seo a leanas—

- (a) an modhnú go léifear é amhail is dá scriosfaí ailt 6A agus 36A,
  - (b) na modhnuithe, arna ndéanamh chun críocha na Coda seo, ar fhoclaíocht na n-alt sin dá dtagraítear in *ailt 16 go 24*, agus
  - (c) aon mhodhnuithe eile is gá.
- (2) Aon tagairt (lena n-áirítear tagairt i modhnú dá dtagraítear i *mír (b) d’fho-alt (1)*) sa Chuid seo—

[2014.] *Acht na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha)*, 2014. [Uimh. 19.] CD.4 A.14

- (a) do chumann, is tagairt í do chumann cláraithe, agus
- (b) do chumann cláraithe, is tagairt í do chumann tionscail agus soláthair cláraithe.

#### **Forléiriú tagairtí in Acht 1990**

**15.** Chun críocha na Coda seo, mura n-éileoidh an comhthéacs a mhalairt, aon tagairt in Acht 1990, agus in aon fhoráil eile in Achtanna na gCuideachtaí dá dtagraítear san Acht sin—

- (a) do bhord stiúthóirí, forléireofar í mar thagairt do choiste bainistíochta nó do chomhlacht stiúrtha eile de chuid cumann cláraithe,
- (b) do chuideachta, forléireofar í mar thagairt a fholáíonn tagairt do chumann cláraithe,
- (c) do stiúthóir, forléireofar í mar thagairt do chomhalta de choiste bainistíochta nó de chomhlacht stiúrtha eile cumainn chláraithe,
- (d) do mheabhrán comhlachais nó d'airteagail chomhlachais cuideachta, forléireofar í mar thagairt do rialacha cumainn chláraithe,
- (e) do chláráitheoir na gcuideachtaí nó don chláráitheoir, forléireofar í mar thagairt do chláráitheoir na gcara-chumann,
- (f) do scairchaipiteal cothromais nó do scairchaipiteal eisithe, forléireofar í mar thagairt do scaireanna i gcumann cláraithe,
- (g) do chuideachta ghaolmhar, forléireofar í mar thagairt a fholáíonn tagairt do chumann cláraithe gaolmhar.

#### **Feidhm alt 2 d'Acht 1990**

**16.** Beidh feidhm ag alt 2 d'Acht 1990—

- (a) faoi réir an méid seo a leanas a chur in ionad “mar mhionchuideachta de bhua alt 8 nó 9 d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986” i bhfo-alt (7) (a cuireadh isteach le halt 2 d'Acht na gCuideachtaí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2013):

“mar mhionchumann de bhua fho-alt (7A)”,

agus

- (b) faoi réir an fo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(7A) Chun críocha an ailt seo—

- (a) beidh cumann le háireamh mar mhionchumann i leith na bliana airgeadais is déanaí de chuid an chumainn, más rud é, i leith na bliana sin, go gcomhlíonfaidh an cumann na coinníollacha cáilitheacha a leagtar síos in alt 8(2) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986,
- (b) tá leis na téarmaí ‘iomlán an chláir chomhardaithe’ agus ‘méid láimhdeachais’, mar atá siad leagtha síos sna coinníollacha cáilitheacha

CD.4 A.16 [Uimh. 19.] *Acht na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha)*, 2014. [2014.]

sin, na bríonna a shanntar dóibh in alt 8(4) agus 8(5), faoi seach, d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986, agus

- (c) déanfar an modh ríomha céanna a shonraítear i mír 42(4) den Sceideal a ghabhann le hAcht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 a chur i bhfeidhm chun an meánlíon daoine i bhfostaíocht mionchumainn a chinneadh.”.

### **Feidhm alt 3 d'Acht 1990**

17. Tá feidhm ag alt 3 d'Acht 1990—

- (a) faoi réir na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) agus (2):

“(1) Faoi réir fho-alt (2), féadfaidh—

- (a) an cumann,
- (b) bord bainistíochta nó comhlacht stiúrtha eile an chumainn,
- (c) creidiúnaí, nó creidiúnaí teagmhasach nó ionchasach (lena n-áirítear fostaí) de chuid an chumainn, nó
- (d) an deichiú cuid ar a laghad de líon iomlán chomhaltaí an chumainn, nó, i gcás breis is 1,000 comhalta a bheith ag an gcumann, 100 comhalta den chumann ar a laghad,

nó gach páirtí nó aon pháirtí acu sin, le chéile nó ar leithligh, achainí a thíolacadh faoi alt 2.

- (2) (a) I gcás gur árachóir an cumann dá dtagraítear in alt 2, féadfaidh an Banc Ceannais, agus é sin amháin, achainí faoin alt sin a thíolacadh, agus ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) maidir leis an gcumann.

- (b) Más rud é, maidir leis an gcumann dá dtagraítear in alt 2, gur sealbhóir é ar cheadúnas faoi alt 9 d'Acht an Bhainc Ceannais, 1971, féadfaidh an Banc Ceannais, agus é sin amháin, achainí faoi alt 2 a thíolacadh, agus ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) maidir leis an gcumann.

- (c) Más rud é, maidir leis an gcumann dá dtagraítear in alt 2, gur cumann é—

(i) is gnólacht infheistíochta údaraithe de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margaí in Ionstraimí Airgeadais), 2007 (I.R. Uimh. 60 de 2007),

(ii) is gnóthas comhlachaithe nó gnóthas gaolmhar, de chuid gnólacht infheistíochta údaraithe nó oibrítheoir margaidh údaraithe, de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Margaí in Ionstraimí Airgeadais) 2007 (I.R. Uimh. 60 de 2007),

(iii) atá ag gabháil do ghnó arb éard é taiscí nó cistí inaisíochta eile a ghlacadh nó creidmheas a dheonú dá chuntas féin,

(iv) is comhlacht comhlachaithe de chuid cumann foirgníochta de réir bhrí an Achta Cumann Foirgníochta, 1989,

[2014.] *Acht na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha)*, 2014. [Uimh. 19.] CD.4 A.17

- (v) is fiontar comhlachaithe de chuid foras creidmheasa de réir bhrí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Maoirseacht Chomhdhlúite ar Fhorais Chreidmheasa), 1992 (I.R. Uimh. 396 de 1992),
- (vi) is cuideachta bhainisteoireachta nó iontaobhaí de chuid scéim iontaobhais aonad de réir bhrí an Achta um Iontaobhais Aonad, 1990,
- (vii) is comhpháirtí ginearálta nó caomhnóir de chuid comhpháirtíocht theoranta infheistíochta de réir bhrí an Achta um Chomhpháirtíochtaí Teoranta Infheistíochta, 1994,
- (viii) is gnóthas a bhfuil dlúthnascanna aige le gnóthas airgeadais de réir bhrí na Rialachán um Fhorais Chreidmheasa, Ballghnólachtaí Stocmhalartáin agus Gnólachtaí Gnó Infheistíochta a Mhaoirsiú, 1996 (I.R. Uimh. 267 de 1996),
- (ix) atá ag seoladh gnó a gceanglaítear, de bhua aon achtachán (de réir na brí a thugtar dó le halt 2 den Acht Léiriúcháin, 2005), é a bheith údaraithe ag an mBanc Ceannais,

féadfaidh siad seo a leanas achainí faoi alt 2 a thíolacadh—

(I) aon duine de na daoine dá dtagraítear i mír (a), (b), (c) nó (d) d'fho-alt (1) (lena n-áirítear duine amháin nó níos mó de na daoine sin ag gníomhú le chéile),

(II) an Banc Ceannais, nó

(III) duine amháin nó níos mó de na daoine dá dtagraítear i bhfomhír (I) agus an Banc Ceannais ag gníomhú le chéile.

(d) Mura ndéanfaidh an Banc Ceannais achainí den sórt sin a thíolacadh—

(i) déanfaidh an t-achainíoch, sula ndéanfaidh sé an achainí a thíolacadh ag oifig na cúirte, a chur faoi deara go bhfaighidh an Banc Ceannais fógra i scríbhinn i dtaobh é a bheith ar intinn aige an achainí a thíolacadh, agus déanfaidh sé cóip den achainí a sheirbheáil ar an mBanc Ceannais a luaithe is féidir tar éis í a thíolacadh ag an oifig sin, agus

(ii) beidh an Banc Ceannais i dteideal láithriú agus éisteacht a fháil ag aon éisteacht a bhainfidh leis an achainí.”,

agus

(b) i bhfo-alt (3B)—

(i) i mír (b), trí “ar stiúrthóirí orthu, nó ar comhaltaí dá gcoiste bainistíochta nó dá gcomhlacht stiúrtha eile freisin” a chur in ionad “ar stiúrthóirí orthu freisin”, agus

(ii) trí mhír (i) a scriosadh.

Cd.4 [Uimh. 19.] *Acht na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014.* [2014.]

**Feidhm alt 3C d'Acht 1990**

18. Tá feidhm ag alt 3C d'Acht 1990 faoi réir an fo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Más rud é gur cumann dá dtagraítear in alt 3(2)(c) (arna mhodhnú le *hAcht na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014*) an cumann lena mbaineann agus nach ndearna an Banc Ceannais (ina aonar nó ag gníomhú i dteannta daoine eile) achainí faoi alt 2 a thíolacadh, agus nach mbeartaíonn sé achainí faoi alt 2 a thíolacadh, i ndáil leis an gcumann, déanfaidh an cuntasóir neamhspleách, a luaithe is féidir tar éis í a ullmhú, cóip den tuarascáil a bheidh ullmhaithe aige faoi alt 3(3A) a sholáthar don Bhanc Ceannais agus ní bheidh feidhm ag fo-ailt (2) agus (3) maidir leis an gcóip sin.”.

**Feidhm alt 5 d'Acht 1990**

19. Tá feidhm ag alt 5 d'Acht 1990—

(a) faoi réir mír (g) (a cuireadh isteach le halt 180(1)(b) d'Acht na gCuideachtaí, 1990) d'fho-alt (2) a scriosadh, agus

(b) faoi réir fo-alt (4) a scriosadh.

**Feidhm ailt 7, 18 agus 24 d'Acht 1990**

20. Tá feidhm ag ailt 7, 18 agus 24 d'Acht 1990 faoi réir “*d'Achtanna na gCumann Tionscail agus Soláthair, 1893 go 2014*” a chur in ionad “*d'Achtanna na gCuideachtaí*” gach áit a bhfuil sé in alt 7, “*in Achtanna na gCumann Tionscail agus Soláthair, 1893 go 2014*” a chur in ionad “*in Achtanna na gCuideachtaí*” in alt 18 agus “*Achtanna na gCumann Tionscail agus Soláthair, 1893 go 2014*” a chur in ionad “*Achtanna na gCuideachtaí*” in alt 24.

**Feidhm alt 8 d'Acht 1990**

21. Tá feidhm ag alt 8 d'Acht 1990 faoi réir “agus aon chúlstiúrthóir láithreach nó iarchúlstiúrthóir” a scriosadh i bhfo-alt (3).

**Feidhm alt 11 d'Acht 1990**

22. Tá feidhm ag alt 11 d'Acht 1990 faoi réir fo-alt (7) a scriosadh.

**Feidhm alt 12 d'Acht 1990**

23. Tá feidhm ag alt 12 d'Acht 1990—

(a) faoi réir “(faoi Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990 arna chur chun feidhme le *hAcht na gCara-Chumann agus na gCumann Tionscail agus Soláthair (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014*)” a chur in ionad “(faoi Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1990)”, agus

(b) faoi réir fo-alt (5) a scriosadh.

**Feidhm ailt 28 agus 30 d'Acht 1990**

24. Tá feidhm ag ailt 28 agus 30 d'Acht 1990 faoi réir fo-alt (2) a scriosadh i ngach alt.

**Cionta**

25. (1) San alt seo, ciallaíonn “Acht” Acht 1990 arna chur chun feidhme leis an Acht seo.

(2) (a) Aon scrúdaitheoir a mhainneoidh gan leithscéal réasúnach fo-alt (6) d'alt 11 den Acht a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi.

(b) Aon duine a mhainneoidh alt 12 den Acht a chomhlíonadh, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi.

(c) Aon duine a ghníomhóidh mar scrúdaitheoir ar chumann cláraithe le linn dó nó di a bheith dícháilithe faoi alt 28 den Acht, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífear—

(i) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, agus

(ii) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(d) I gcás go mainneoidh duine alt 30 den Acht a chomhlíonadh, beidh an duine sin agus, i gcás gur cumann cláraithe an duine sin, an cumann cláraithe agus aon oifigeach dá chuid a rinne mainneachtain, ciontach i gcion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil d'aicme A a chur air nó uirthi.

(3) Féadfaidh an Chúirt ina ndéanfar ciontú i gcion faoin alt seo a thaifeadadh nó a dhaingniú a ordú go leigheasfaidh an duine ciontaithe an sárú ar an alt seo ar ina leith a ciontaíodh an duine sin.

(4) Féadfaidh cláraitheoir na gcarra-chumann imeachtaí achoimre i leith cion faoin alt seo a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.